Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2025
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0233(NLE)**

**14882/25**
**ADD 1**

**JUSTCIV 173**
**CONSOM 247**
**MARE 40**
**COMER 149**
**RELEX 1390**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dearbhú de bhun Airteagal 18(2) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022 i Nua-Eabhrac, a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar na hábhair sin atá faoi rialú an Choinbhinsiún sin ar aistrigh na Ballstáit a n-inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach |

Dearbhú de bhun Airteagal 18(2) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe
maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long
(‘Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long’)
arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022 i Nua-Eabhrac,
a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar na hábhair sin
atá faoi rialú an Choinbhinsiún sin ar aistrigh
na Ballstáit a n-inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach

Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Choinbhinsiún Bhéising maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le díol breithiúnach long (‘an Coinbhinsiún’) go bhféadfaidh Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici maidir le hábhair áirithe a rialaítear leis an gCoinbhinsiún an Coinbhinsiún a shíniú. Foráiltear le hAirteagal 18(2) den Choinbhinsiún go bhfuil an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta le dearbhú a dhéanamh ina sonrófar na hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún ar ina leith a d’aistrigh na Ballstáit inniúlacht chuig an eagraíocht sin. Chinn an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích agus athdhearbhaíonn sé leis seo an dearbhú a rinne sé tráth a shínithe an 14 Márta 2024.

A mhéid a d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó do raon feidhme na ngníomhartha dlí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a athrú, is iad seo a leanas na hábhair atá faoi rialú ag forálacha an Choinbhinsiúin ar aistrigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh inniúlacht ina leith agus a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach ina leith de réir bhrí Airteagal 3(2) den den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

(a) Airteagal 9 den Choinbhinsiún (‘Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí’) i ndáil leis na rialacha maidir le dlínse i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO AE L 351, 20.12.2012, lch. 1); agus

(b) Airteagal 4 den Choinbhinsiún (‘Fógra faoi dhíol breithiúnach’) maidir leis na rialacha maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil in ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil) i Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (IO AE L 405, 2.12.2020, lch. 40).

Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE) agus CFAE, is rud í, de bharr a cineáil, a d’fhéadfaí a fhorbairt go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a dhéanamh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, coimeádann an tAontas Eorpach an ceart an Dearbhú seo a leasú dá réir sin, gan aon leasú den sórt sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin.

Sonraíonn an tAontas leis seo go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún, i ndáil le hinniúlacht an Aontais, maidir le críocha na mBallstát ina gcuirtear CAE agus CFAE i bhfeidhm de bhun Airteagal 52 CAE agus faoi na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 355 CFAE.